Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11640/26**

**CDR 125**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt chomhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí**
**agus beirt chomhaltaí mhalartacha,**
**arna moladh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas Lucsamburg,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíochán bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Alexandre DONNERSBACH éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Natalie SILVA a cheapadh.

(4) Tá suíochán bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Ricardo MARQUES éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Linda GAASCH a cheapadh.

(5) Mhol rialtas Lucsamburg na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Philippe GENGLER, *Membre du Conseil communal de la Commune de Lenningen* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Lenningen), agus Annie NICKELS-THEIS, *Membre du Conseil communal de la Commune de Bourscheid* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Bourscheid).

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

(6) Mhol rialtas Lucsamburg na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Jessie THILL, *Membre du Conseil communal de la Commune de Walferdange* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Walferdange), agus Marc Michel Marguerite Charles URY, *Membre du Conseil communal de la Commune de Grevenmacher* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Grevenmacher),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhaltaí:

– Philippe GENGLER, *Membre du Conseil communal de la Commune de Lenningen* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Lenningen),

– Annie NICKELS-THEIS, *Membre du Conseil communal de la Commune de Bourscheid* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Bourscheid),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

– Jessie THILL, *Membre du Conseil communal de la Commune de Walferdange* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Walferdange),

– Marc Michel Marguerite Charles URY, *Membre du Conseil communal de la Commune de Grevenmacher* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Bhardas Grevenmacher).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*